Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10515/22**

**DELACT 100**
**PHARM 117**
**SAN 404**
**MI 500**
**COMPET 523**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3948 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) ../.. ÓN gCOIMISIÚN an 17.6.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 658/2015 ó Phlarlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ráta boilscithe na méideanna táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach a choigeartú chun gníomhaíochtaí cógas-aireachais a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3948 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 3948 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2022
C(2022) 3948 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.6.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ráta boilscithe na méideanna táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach a choigeartú chun gníomhaíochtaí cógas-aireachais a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá na táillí a bhailíonn an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach leagtha síos in dhá ghníomh dlí.

Ar an gcéad dul síos, le Rialachán (CE) 297/95 ón gComhairle an 10 Feabhra 1995 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Eorpach um Meastóireacht ar Tháirgí Íocshláinte[1], leagtar síos leibhéal na dtáillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach as gníomhaíochtaí údaraithe agus maoirseachta táirgí íocshláinte i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta. Foráiltear le hAirteagal 12(5) den Rialachán sin go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na táillí, le héifeacht ón 1 Aibreán gach bliain, trí thagairt don ráta boilscithe arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus go dtabharfaidh sé cothrom le dáta iad. Ní thagann an tabhairt cothrom le dáta sin faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Ar an dara dul síos, le Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun gníomhaíochtaí cógas-aireachais a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine[2], leagtar síos leibhéil na dtáillí go sonrach i ndáil le gníomhaíochtaí cógas-aireachais na Gníomhaireachta agus i ndáil leis an luach saothair faoi seach na rapóirtéirí agus gcomhrapóirtéirí as na seirbhísí measúnaithe eolaíocha ábhartha arna soláthar ag na rapóirtéirí agus na comhrapóirtéirí. Déantar foráil in Airteagal 15(5) den Rialachán sin, go ndéanfar faireachán bliantúil ar an ráta boilscithe i ndáil leis na méideanna atá leagtha amach san Iarscríbhinn, ar ráta é arna thomhas trí bhíthin an Innéacs Eorpach Praghsanna do Thomhaltóirí arna fhoilsiú ag Eurostat de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 Foráiltear le hAirteagal 15(6) den Rialachán sin, i gcás ina bhfuil údar maith leis i bhfianaise an fhaireacháin sin, go nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe lena gcoigeartófar méideanna na dtáillí agus méideanna luach saothair le haghaidh na rapóirtéirí agus na gcomhrapóirtéirí a leagtar síos sa Rialachán. Foráiltear leis freisin, i gcás ina dtiocfaidh an gníomh tarmligthe i bhfeidhm roimh an 1 Iúil, go mbeidh éifeacht ag na coigeartuithe sin ón 1 Iúil agus i gcás ina dtiocfaidh an gníomh tarmligthe i bhfeidhm tar éis an 30 Meitheamh, go mbeidh éifeacht acu amhail ón dáta a thiocfaidh an gníomh tarmligthe i bhfeidhm. Is é is cuspóir don Rialachán tarmligthe seo méideanna na gcoigeartuithe sin a leagan síos le haghaidh 2020 agus 2021.

Rinneadh coigeartú deireanach na méideanna thuasluaite in 2020 ar bhonn rátaí boilscithe carnacha 2018 agus 2019. Ar an gcuma chéanna, i gcás an choigeartaithe sin, cuirfear cur chuige carnach i bhfeidhm, agus an rátaí boilscithe 2020 (0,3 %) 2021 (5,3 %) á gcur san áireamh. Chun na críche sin, ríomhadh na méideanna sa rialachán seo tríd an ráta 0,3 % a chur i bhfeidhm ar dtús agus na torthaí a shlánú go dtí an 10 is gaire (cé is moite den táille bhliantúil, rud a shlánaítear go dtí an 1 is gaire) agus ansin tríd an ráta 5,3 % a chur i bhfeidhm maidir leis na méideanna nua-ríofa, agus rinneadh an dara slánú dá leithéid ina dhiaidh sin.

1 IO L 35, 15.2.1995, lch. 1.
2 IO L 189, 27.6.2014, lch. 112.

A mhéid a bhaineann leis an táille ar mheasúnuithe i gcomhthéacs na dtarchur arna dtionscnamh mar thoradh ar an meastóireacht ar shonraí cógas-aireachais, cuireadh an modh coigeartaithe céanna i bhfeidhm maidir leis na méideanna a leagtar amach i gCuid III den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán, cé is moite d'uasmhéid na táille, rud is infheidhme nuair a áirítear cúig shubstaint ghníomhacha nó níos mó agus/nó cúig chuingir de shubstaintí gníomhacha sa mheasúnú. Chun neamhréireachtaí mar thoradh ar an slánú a sheachaint, ríomhadh uasmhéid coigeartaithe na táille sin trí gach leibhéal táille a mhéadú go hincriminteach le méid coigeartaithe an mhéadaithe ar an táille in aghaidh gach substainte gníomhaí breise nó gach cingreach de shubstaintí gníomhacha breise a leagtar síos sa reachtaíocht.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Cógaisíochta[3] mar ghrúpa saineolaithe[4] trí nós imeachta i scríbhinn ón 24ú Feabhra go dtí an 3ú Márta 2020. Ní dhearnadh aon agóid ina choinne sin.

Bhí an dréacht-Rialachán faoi réir tréimhse aiseolais de 4 seachtaine, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr. Fuarthas ionchur ó 22 geallsealbhóir. Níor cuireadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara san áireamh sa ghníomh seo mar ní thagann siad faoi raon feidhme an leasaithe atá beartaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is bunús dlí an Rialacháin seo Airteagal 15(6) de Rialachán (AE) Uimh. 658/2014.

Leagtar síos in Airteagal 1 den Rialachán seo méideanna coigeartaithe na dtáillí agus na méideanna luacha saothair le haghaidh na rapóirtéirí agus na gcomhrapóirtéirí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 658/2014.

Leagtar síos in Airteagal 2 den Rialachán seo na rialacha maidir lena theacht i bhfeidhm agus a chur i bhfeidhm.

---

3 Cinneadh ón gComhairle an 20 Bealtaine 1975 lena mbunaítear coiste cógaisíochta (IO L 147, 9.6.1975, lch. 23).

4 http://ec.europa.eu/transparency/regexpert/index.cfm?do=groupDetail.groupDetail&groupID=2858

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 17.6.2022**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ráta boilscithe na méideanna táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach a choigeartú chun gníomhaíochtaí cógas-aireachais a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun gníomhaíochtaí cógas-aireachais a dhéanamh i ndáil le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine[1], agus go háirithe Airteagal 15(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 67(3) de Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], áirítear in ioncam na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí táillí a íocann gnóthais as údaruithe margaíochta an Aontais a fháil agus a chothabháil agus as seirbhísí eile a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht, agus as seirbhísí a sholáthraíonn an grúpa comhordúcháin a mhéid a bhaineann le comhlíonadh a chuid cúraimí i gcomhréir le hAirteagail 107c, 107e, 107 g, 107k agus 107q de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(2) Coigeartú deireanach na dtáillí agus na méideanna luacha saothair a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 658/2014, rinneadh é in 2020 ar bhonn ráta boilscithe carnach 2018 agus 2019. Ba é an ráta boilscithe san Aontas, mar a fhoilsítear ag Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh, 0,3 % in 2020 agus 5,3 % in 2021[4]. Agus leibhéal na rátaí boilscithe le haghaidh na mblianta sin á chur san áireamh, meastar go bhfuil údar maith ann méideanna na dtáillí agus méideanna an luacha saothair le haghaidh na rapóirtéirí agus na gcomhrapóirtéirí dá dtagraítear i gCuid I go Cuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 15(6) de Rialachán (AE) Uimh. 658/2014. Dá bhrí sin, ba cheart coigeartú carnach ina gcuirtear san áireamh na rátaí boilscithe le haghaidh 2020 agus 2021 araon a chur i bhfeidhm.

(3) Ar mhaithe le simplíocht, ba cheart na méideanna coigeartaithe a shlánú go dtí an EUR 10 is gaire, cé is moite den táille bhliantúil as córais teicneolaíochta faisnéise agus as faireachán ar litríocht i gcás inar cheart an leibhéal coigeartaithe a shlánú go dtí an EUR 1 is gaire.

---

[1] IO L 189, 27.6.2014, lch. 112.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

[3] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[4] Eurostat, táscairí euro 11/2022, arna fhoilsiú an 20 Eanáir 2022

(4) Tá na táillí a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 dlite ag tús an nós imeachta lena mbaineann nó, i gcás na táille bliantúla as córais teicneolaíochta faisnéise agus faireacháin ar litríocht, ar an 1 Iúil gach bliain. Dá bhrí sin, cinnfear an méid is infheidhme faoi dháta dlite na táille agus ní gá forálacha idirthréimhseacha sonracha a leagan síos le haghaidh nósanna imeachta atá ar feitheamh.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 15(6) de Rialachán (AE) Uimh. 658/2014, i gcás ina dtiocfaidh i bhfeidhm gníomh lena gcoigeartófar méideanna na dtáillí a leagtar síos i gCuid I go Cuid IV den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin roimh an 1 Iúil, beidh éifeacht ag na coigeartuithe amhail ón 1 Iúil, ach i gcás ina dtiocfaidh sé i bhfeidhm tar éis an 30 Meitheamh, beidh éifeacht ag na coigeartuithe ón dáta a dtiocfaidh an gníomh i bhfeidhm. Ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leagan síos i gcomhréir leis an bhforáil sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 mar a leanas:

(1) i gCuid I, leasaítear pointe 1 mar a leanas:
   (a) cuirtear 'EUR 21 940' in ionad 'EUR 20 780';
   (b) cuirtear '14 750' in ionad 'EUR 13 970';

(2) i gCuid II, leasaítear pointe 1 mar a leanas:
   (a) san abairt tosaigh, cuirtear 'EUR 48 370' in ionad 'EUR 45 810';
   (b) leasaítear pointe (a) mar a leanas:
      (i) cuirtear 'EUR 19 350' in ionad 'EUR 18 330';
      (ii) cuirtear 'EUR 8 190' in ionad 'EUR 7 760';
   (c) leasaítear pointe (b) mar a leanas:
      (i) cuirtear 'EUR 29 020' in ionad 'EUR 27 480';
      (ii) cuirtear 'EUR 12 280' in ionad 'EUR 11 630';

(3) i gCuid III, leasaítear pointe 1 mar a leanas:
   (a) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:
      (i) cuirtear 'EUR 201 450' in ionad 'EUR 190 740';
      (ii) cuirtear 'EUR 43 670' in ionad 'EUR 41 350';
      (iii) cuirtear 'EUR 332 460' in ionad 'EUR 314 790';
   (b) leasaítear an dara fomhír mar a leanas:
      (i) i bpointe (a), cuirtear 'EUR 134 290' in ionad 'EUR 127 150';
      (ii) i bpointe(b), cuirtear 'EUR 163 420'; in ionad 'EUR 154 730';
      (iii) i bpointe (c), cuirtear 'EUR 192 530' in ionad 'EUR 182 290';
      (iv) i bpointe (d), cuirtear 'EUR 221 620' in ionad 'EUR 209 840';
   (c) sa cheathrú fomhír, leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(i) cuirtear ‘EUR 1 130’ in ionad ‘EUR 1 070’;

(ii) cuirtear ‘EUR 2 230’ in ionad ‘EUR 2 110’;

(iii) cuirtear ‘EUR 3 380’ in ionad ‘EUR 3 200’;

(4) i bpointe 1 de Chuid IV, cuirtear ‘EUR 75’ in ionad ‘EUR 71’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [más roimh an 1 Iúil 2022 a thagann an dáta teacht i bhfeidhm, cuir isteach–‘an 1 Iúil 2022’, más tar éis an 30 Meitheamh 2022 a thagann an dáta teacht i bhfeidhm, cuir isteach an dáta cur i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.6.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*